

CANÚINT.IE: ATLAS DIGITEACH NA GCARTLANN FUAIME

ANDREA PALANDRI

Réamhrá

Is eol dúinn ón Ogham agus ó na lámhscríbhinní luatha gur thosaigh sinsir na nGael ag ceapadh córas litrithe na Gaeilge breis is míle go leith bliain ó shin, agus bíodh is gur iomaí athrú atá tagtha ar an dteanga ó shin, idir labhartha agus scríofa, is é an bunmhúnla ortagrafaíochta céanna sin atá ina bheathaidh ó shin. Fágann sé sin go bhfuil traidisiún liteartha na Gaeilge ar cheann de na traidisiúin scríofa is sine san Eoraip agus go bhfuil taisí na gcéadta bliain d'athruithe agus d'fhorbairtí fileolaíocha á mbreith leis ag an litriú sin inniu. Is iomaí canúint a eascraíonn as an oidhreacht shaibhir ársa seo agus, ní nach ionadh, is annamh a thugann ár litriú sanasaíoch agus caighdeánaithe sa Nua-Ghaeilge inniu tuiscint shoiléir dúinn ar fhoghraíocht bheo an fhocail mar a síneadh anuas í ó ghlúin go glúin i dteanga bheo na gcainteoirí dúchais.

Tá staidéir eolaíocha agus nua-aimseartha á ndéanamh ar chanúintí éagsúla na Gaeilge le breis is céad bliain, agus tá ladhar mór foilsiúchán acadúil againn a mbraitheann canúineolaíocht na Gaeilge go mór orthu. Ina measc so tá atlas Wagner (Wagner 1958–69), an tsraith mhonagraf *The Irish of...* ó Scoil an Léinn Cheiltigh in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, altanna i *Stair na Gaeilge*, na foclóirí éagsúla a foilsíodh tríd an dtionscadal *Foclóir Stairiúil na Gaeilge* in Acadamh Ríoga na hÉireann, cnuasach mór altanna in irisí acadúla ar nós *Éigse*, *Ériu* agus *Celtica* agus monagraif thábhachtacha eile ar nós *Irish Dialects Past and Present* (O'Rahilly 1932). Ach ar an mórgóir ní bhíonn teacht ag an bpobal taobh amuigh den ollscoil ar an saineolas a nochtar sna foilsiúcháin seo agus is minic a fághtar an chanúineolaíocht ina disciplín sainiúil do speisialtóirí agus teangeolaithe. Ach pé acu cainteoir óg ón nGaeltacht a éistíonn leis na sárchainteoirí a rugadh cúpla glúin roimhe, mac léinn scoile nár bhuail riamh le héinne a labhrann Gaeilge agus nár chuala riamh ina beathaidh í, nó duine fásta atá ag tosnú ar í a fhoghlaim ó bhonn, bíonn ar gach duine a bhíonn ag plé leis an nGaeilge dul i ngleic le héagsúlacht, saibhreas agus ilchineál a canúintí.

Is é atá beartaithe ag an ngrúpa taighde Gaois a dhéanamh sa tionscadal taighde nua seo, Canúint.ie, gort sainiúil agus acadúil seo na canúineolaíochta a oscailt do mhórphobal na Gaeilge ar líne agus atlas digiteach a thógaint

go dinimiciúil bunaithe ar na taifeadtaí fuaime is fearr a léiríonn caint dhúchasach na Gaeilge ó cheann ceann na tíre. Measaimid go gcuirfidh an tionscadal seo go mór leis an slí a thuigtear agus a fhoghlaimítear an Ghaeilge ar fud an domhain, agus gur céim chun cinn a bheidh ann d'infreastruchtúr digiteach na teangan a chabhróidh le cainteoirí Gaeltachta, mic léinn scoile agus ollscoile, státseirbhísigh, taighdeoirí agus innill nua na hintleachta saorga trí chéile.

Tabharfaidh an páipéar seo sracfhéachaint ar a bhfuil ar siúl againn sa tionscadal, labharfar ar chuid de na taifeadtaí a mhaireann ó luathbhailiúcháin fuaime na Gaeilge agus scrúdófar cuid de na foirmeacha agus foghraíochtaí neamhchoitianta a cloistear iontu.

Bailiúcháin

Thosaigh an tionscadal *Canúintí RTÉ* i mí Aibreáin 2024 le maoiniú ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Is é a bhí beartaithe sa tionscadal seo go léireofaí taifeadtaí fuaime ó Chartlann RTÉ ar shuíomh idirlín idirghníomhach nua a lamháfadh d'úsáideoirí a bheith ag éisteacht le canúintí éagsúla na Gaeilge ó cheann ceann na tíre. Chonaiceathas go raibh deis forbartha anseo chun luathbhailiúcháin fuaime eile a thabhairt isteach faoi bhrat an tionscadail agus stór na dtaifeadtaí ar an suíomh idirlín a fhás. Is é mórsprioc Canúint.ie aon áis lárnach dhigiteach amháin a chur ar fáil ar féidir taifeadtaí fuaime ó institiúidí agus ó bhailiúcháin éagsúla a chlos uirthi.

Beidh an chéad leagan den suíomh á sheoladh i mí Márta 2025 nuair a cuirfear dhá chéad mír fuaime ar fáil don bpobal air ó Chartlann RTÉ:

1. Cartlann RTÉ: díolaim de thaifeadtaí ó chartlanna raidió RTÉ a roghnaigh an tionscadal féin ar bhonn chumas cainte na gcainteoirí agus a gceantar dúchais. Tugann an bailiúchán seo blaiseadh dúinn de shaibhreas na Gaeilge a bailíodh trí obair an raidió le seachtó bliain anuas. Ina measc seo tá taifeadtaí a bhailibh Proinsias Ó Conluain, Séamus Ennis, Aindrias Ó Gallchóir agus Pádraig Tyres do Raidió Éireann sna caogadaí agus sna seascaidí, chomh maith le taifeadtaí a rinne Mícheál Ó Sé, Pádraig Ó Catháin, Máirtín Mac Donncha agus Timlín Ó Cearnaigh do chláracha Raidió na Gaeltachta ó na seachtóidí i leith. Tá scoth na gcainteoirí faoi agallamh sna taifeadtaí seo agus cuirfear corpas fuaime de 62 uair an chloig ar fáil sa chéad bhaisc a sheolfar ar an suíomh.

Ina dhiaidh seo ba mhaith linn trí luathbhailiúchán tábhachtach eile a chur ar fáil tríd an suíomh, is iad seo:

2. **Doegen:** bailiúchán de thaifeadtaí a rinneadh idir 1928 agus 1931 le cainteoirí ó 17 contae ar fud na hÉireann agus atá á óstáil ar líne cheana ag Acadamh Ríoga na hÉireann.¹ Cuireadh na taifeadtaí ar fáil tríd an dtionscadal *Doegen Records Web Project* (2008–).
3. **GLÓR:** bailiúchán de thaifeadtaí a rinneadh idir 1949 agus 1975 le cainteoirí ó 7 gcontae ar fud na hÉireann. Ollúna agus taighdeoirí i Scoil an Léinn Cheiltigh a rinne cuid mhaith de na taifeadtaí dá gcuid taighde féin agus rinneadh an bailiúchán a dhigitiú ó na téipeanna ceithre orlaí os cionn fiche bliain ó shin. Tá cuid den mbailiúchán ar fáil ar shuíomh idirlín Scoil an Léinn Cheiltigh.²
4. **Bailiúchán Fuaime Choimisiún Béaloideas Éireann:** bailiúchán de thaifeadtaí a rinneadh ó na 1930idí i leith mar chuid d’obair pháirce na mbailitheoirí béaloidis a bhailibh ós gach aon taobh den tír. Tá an bailiúchán seo á dhigitiú ag UCD faoi láthair agus á chur ar fáil tríd an dtionscadal Dúchas, in DCU.³

Modheolaíocht

Tá sé ar ár gcumas an tionscadal Canúint.ie a fhorbairt inniu de bharr dul chun cinn teicneolaíochtaí digiteacha na Gaeilge le cúpla bliain anuas agus de bharr na mórghunachar sonraí agus teangan atá á mbainistiú ag Gaois in DCU, go háirithe Logainm.ie, Dúchas.ie, Corpas.ie agus Ainm.ie. Ar an gcéad dul síos, tá an t-ailíniú fórsáilte, a lamhálann dúinn gach focal i dtras-scríobh a cheangal don stampa ama ina ndeirtear é sa taifead fuaime, i bhfad níos fearr inniu ná mar a bhí sé cúpla bliain ó shin. Ina theannta sin, tá bogearraí nuálacha ar nós *An Caighdeánaitheoir*,⁴ a d’fhorbair an tOll. Kevin Scannell agus a ligeann dúinn aon téacs neamhchaighdeánaithe a chaighdeánú go huathoibríoch, curtha ar fáil go poiblí le cúpla bliain anuas chomh maith. Tá na tionscadail éagsúla atá ar siúl againn in Gaois faoi láthair ina gcabhair mhór don tionscadal leis mar go bhfuil bunachair ollmhóra daoine, ar cainteoirí dúchasacha a aimseofar ar Canúint.ie cuid mhaith acu, á riar tríd na tionscadail Dúchas.ie agus Ainm.ie cheana, agus mar go bhfuil bunachar mór oifigiúil an Bhrainse Logainmneacha de logainmneacha na hÉireann á chóiriú agus á chur ar fáil trí Logainm.ie. Anuas orthu sin, b’éigean don tionscadal Corpas.ie, a seoladh i 2024, cuid mhaith de na dúshlán ríomhtheangeolaíochta céanna atá roimh Canúint.ie a threascart cúpla bliain sular thosaigh an obair ar thaifeadtaí Chartlann RTÉ.

1 Doegen.ie (faighte 23/11/24).

2 <https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/glor-audio-archive/> (faighte 23/11/24).

3 <https://www.duchas.ie/ga/cbef/taifeadtaí> (faighte 23/11/24).

4 <https://github.com/kscanne/caighdean> (faighte 23/11/24).

Tá Canúint.ie á fhorbairt de dhroim na dteicneolaíochtaí agus na dtionscadal seo go léir agus is le heolas orthu a ceapadh a mhodheolaíocht.


Mar is eol dúinn go léir, ní lia cainteoir ná litriú canúnach agus bíodh is go bhfuil nósanna áirithe litrithe coitianta inniu sna Gaeltachtaí éagsúla, níl aon chaighdeán oifigiúil réigiúnach do na canúintí éagsúla sa tír. Ba léir dúinn áfach, go mbeadh ar Canúint.ie cloí le caighdeáin áirithe sna réigiúin éagsúla chun go bhféadfaí grúpaí d'fhoirmeacha teangan a léiriú is a fheiscint ar an suíomh. Is sinn ag machnamh ar conas foirmeacha canúnacha a thraslitríú chuireamar san áireamh an cur síos a rinne Séamus Ó Duilearga ar a pholasaí tras-scríbhneoireachta féin i réamhrá *Leabhar Sheáin Í Chonaill* (Ó Duilearga 1948: xxiv): 'ní raibh ionnam ach úirlis sgríthe don tseanachaí: níor atharúis siolla dá nduairt sé, ach gach aon ní a sgrí chò maith agus d'fhéadfainn é', treoir a lean a lán bailitheoirí lánaimseartha de chuid CBÉ ina lámhscríbhinní féin i dtriocharaí agus i ndaiceadaí an chéid seo caite. Chuimhníomar leis ar fhocail Heinrich Wagner sa mhíniú a thug sé ar an dtras-scríobh foghrúil a d'úsáid sé féin in *LASID* (Wagner 1958: xxii): 'It is, of course, realised that depending completely on the ear, any phonetic transcription contains a certain subjective element, which has to be taken into account. I have tried to get as near as possible to the real sound, and have therefore, used a fairly narrow transcription', agus ar an gcur síos a bhí ag Eoghan Ó Raghallaigh ar an bpolasaí tras-scríbhneoireachta agus eagarthóireachta a bhí ag an tionscadal Doegen (Ó Raghallaigh 2016: 182–3): 'two people may not always hear the same thing being said in indistinct cases, and even if they agree on what is being said they may not use the same spelling in transcribing when not fully adhering to *An Caighdeán Oifigiúil* [...] digital publication is eminently suitable to this kind of work as inaccuracies can be readily corrected as they are noticed or pointed out.' D'fhéachamair chomh maith ar chleachtais idirnáisiúnta, go háirithe ar an dtionscadal LIA (Language Infrastructure made Available) san Iorua,⁵ a chuir taifeadtaí agus tras-scríbhinní de chanúintí na hIoruaise ó bhailiúcháin fuaime ollscoileanna éagsúla ar fáil sa bhliain 2019. Chuir an tionscadal seo dhá thras-scríobh ar fáil do gach taifead, ceann in Bokmål, .i. caighdeán oifigiúil na hIoruaise atá bunaithe ar an nDanmhairgis, agus ceann in Nynorsk, .i. caighdeán oifigiúil eile na hIoruaise a bunaíodh ar chanúintí éagsúla na tíre agus atá níos solúbtha agus níos oscailte d'fhoirmeacha malartacha agus réigiúnacha.

Beartaíodh ar dhá thras-scríobh a sholáthar do gach taifead a óstálfar ar Canúint.ie. Múnlaíonn an príomhcheann rialacha litrithe na Gaeilge agus

⁵ <https://www.hf.uio.no/iln/english/research/projects/language-infrastructure-made-accessible/> (faighte 23/11/24).

(faighte

úsáideann sé litrithe stairiúla na Gaeilge, más dóigh linn gurb iad is fearr a léiríonn an fhoghraíocht, chun an méid is mó den chanúint a léiriú sa scríobh de réir mar a chloiseann an tras-scríbhneoir féin é, mar a dhein príomhbhailitheoirí CBÉ cheana. Is iad na bunphrionsabail a bhíonn againn ná simplíocht agus athchúrsáil ar litrithe a húsáideadh cheana in áiteanna eile, go háirithe in CBÉ. Is ar mhaithe le simplíocht a sheachnaítear uaschamóga, *am* seachas *a'am* (*agam*), agus *a goil a déana* seachas *a' goil a' déana*'. Agus is samplaí d'athchúrsáil ar litrithe a d'úsáideadh Seosamh Ó Dálaigh *ceun* < *ceann* agus *buint* < *baint* (CBÉ LS 242 lch. 11.16), Liam Mac Coisdealbha *tiúrha mé* < *tabharfaidh mé* (CBÉ LS 159 lch. 219.9) agus Seán Ó hEochaidh *acú* < *acu* (CBÉ LS 139 117.4). Ortagrafaíocht é seo a chabhraíonn leis an léitheoir foghraíochtaí réigiúnacha a thuiscint lena shúile go saoráideach, agus a lamhálann do na scrípteanna a fheidhmíonn taobh thiar den suíomh grúpaí a dhéanamh díobh ar an léarscáil:



Léaráid 1: Seat scáileáin ó chomhéadan poiblí Canúint.ie ar an bhfocal 'acu'
10/03/2025

Úsáidtear an tras-scríobh canúnach seo chun sraith chaighdeánach a ghineadh go huathoibríoch leis an *gCaighdeánaitheoir* agus ceartaítear é. Tugtar an dá thras-scríobh thar n-ais don *Chaighdeánaitheoir* de réir a chéile chun an t-inneall sin a chur i bhfeabhas agus é a thraenáil ar aon fhoirmeacha neamhchaighdeánacha nach mbeadh aige cheana. Sa tslí seo, nuair a ritear an t-ailíniú fórsáilte, bíonn sé d’acmhainn ag úsáideoirí Canúint.ie aon fhocal a chuardach sa Chaighdeán Oifigiúil, é a léamh sa chanúint, cliceáil air agus éisteacht leis an bhfoghraíocht ón seicind díreach a ndúradh é sa taifead. Bíonn gach focal clibeáilte le comhad aitheantais an chainteora a dúirt é. Bíonn próifíl ag gach cainteoir a thugann na meiteashonraí bunúsacha mar gheall air, ar nós bliain a saolaithe, proifisiún, baile dúchais agus aon áit eile a raibh cónaí orthu. Nasctar gach próifíl le Dúchas.ie agus Ainm.ie más féidir, agus nasctar gach logainm le Logainm.ie.

Sa chuid dheireannach den pháipéar seo, tabharfaidh mé samplaí ó chanúintí na Mumhan is féidir a chuardach ar Canúint.ie cheana, ó thaifeadtaí Chartlann RTÉ.

Foirmeacha teangan ársa agus neamhchoitianta sna bailiúcháin


Is éard a thugas faoi sa mhéid seo a leanas, sciúird a thabhairt trí chúige Mumhan agus tríd na foirmeacha is mó a sheasaimh amach domhsa is mé ag ullmhú an pháipéir seo. Is díolaim foirmeacha teangan iad a bhfuil suim agam féin iontu, seachas iarracht ar aon athrú teangan faoi leith a phlé.

Is gnách an chéad chonsan den saorbhriathar aimsir chaite a shéimhiú sna Déise (Ua Súilleabháin 1994: 522; Sheehan 1944: 137), agus ní nach ionadh cloisimid leithéidí *dhineag* i gcaint Dhéagláin Uí Mhuiríosa. Sampla deas den séimhiú céanna, ach ar an **r** (féach Ó Murchú 1986), is ea *riugú* i gcaint Jack Uí Thurraoin, san abairt *riugú an chéad lá [...] don Abrán mi*. Tógfar ceann leis don **u**: anseo, foghraíocht nach mbeifí ag súil léi i gcanúintí na Mumhan sa tsaorbhriathar agus ní heol dom cur síos a bheith uirthi in aon áit. Tá an leagan go mbeifí ag súil leis sna Déise, *rugag*, againn ó Labhras Ó Cadhla, san abairt *san áit a rugag é*. Ós ag caint ar an saorbhriathar, tá dhá shampla deas d’fhoirm an tsaorbhriathair aimsir chaite den mbriathar *deán* ag Máire Ní Chéadagáin agus ag Pádraig Ó Drisceoil, ó Chléire, sna habairtí *do dearnas í a thórramh* agus *nuair a dearnas feirmeacha i gCléire*, bíodh is go raibh samplaí den ghas spleách *dearna* bailithe i gCléire cheana ag Ó Floinn, ar nós *do dheárnuig* agus *do dheárnadar* (Ó Floinn 1935: 115 agus 127). Ba ghnách do Mháire Ní Chéadagáin gan an mhír dhearfach *do nó d’* a úsáid roimh ghuta nuair a bhí coibhneas díreach ann, i leithéidí *an chéad duine a eighrig din’i air’ig’* agus *nor a fhéach sé nor iax je*., agus *nuair a oscail sí no:r oskil’ fi*.. Níl aon rian den chuimilteach *dh’* roimh ainm

briathartha in abairtí infinideacha aici ach an oiread mar a bhítear ag súil leis sa Rinn agus i gCorca Dhuibhne inniu, ach tá sé spéisiúil go n-úsáideann sí stop glotais in *é a fhaire e: ʔar'ɪ* chun an forainm is an briathar a choimeád i siollaí éagsúla, rud ná fuil aici in *na leanaí a fhágáilt l'a'ni: a: 'ga:l't'* áfach. Feictear an chéad chéim eile insa teacht chun cinn den *dh'* mar líontóir séanais i gcaint Nell Tom Uí Ríordáin ó Mhúscraí, san abairt *mo dhóthain a dh'ithe mə 'yɔ:hɪn' ɪ 'y'ihɪ*, mar a mhíníonn Ua Súilleabháin dúinn ‘uair umá seach in áiteanna eile go háirithe leis an mbriathar ith’ (1994: 525), agus go deimhin ní líonann Nell Tom an séanas in *cnoic a fhiscint knik' iʃk'm't'* sa taifead céanna. Mar is eol dúinn, is próiseas é seo atá forbartha go maith i gcanúintí na nDéise, Bhaile Mhac Óda, Chorca Dhuibhne (Ó Sé 2000: 79), agus canúintí Ghàidhlig na hAlban leis (Ua Súilleabháin 1994: 525–6; Hughes 2013: 217–42). Cloistear *dh'* caol (*y'*) roimh ghutaí tosaigh a fhanann tar éis consan leathan a shéimhiú i gcaint Mháiréad Ginneá ó Chorca Dhuibhne in *bhíoch sí á dh'fhine agus á dh'fhine agus á dh'fhine a: y'in'ɪ* (=fuineadh), agus a mhalairt in *é a dh'úmpó ə yu:mpo:* (=iompo). B'fhéidir gur iarsma de *nach* sara dtáinig *ná* chun cinn ar fud na Mumhan (Ua Súilleabháin 1994: 527) a bhí ag Máire Ní Chéadagáin ó Chléire in *nach cuireamair*. Cloistear foghraíocht ársa ag Dónal Ó Murchú ó Uíbh Ráthach, nach eol dom cur síos a bheith uirthé in aon áit, .i. *iongana 'uŋəɔ* (*CO* ionadh < NGM *iongnadh*), a léiríonn is dócha an chéim i bhfoghraíocht an fhocail a bhí á thaispeáint ag an Athair Stapleton sa litriú *ionganna* a scríobh sé ina *Chatechismus* (McManus 1994: 355). Is minic a chloistear leis ‘an bharróg’, mar a thug an Máilleach air (Ó Máille 1927: 86), i gcaint Júnaí Ní Shé agus Bríd Ghraibhéil agus siolla sa bhreis acu ná mar is coitianta i gcanúint Chorca Dhuibhne ar deireadh focal ar nós *Ciarraighe ki:ə'ri:v'e*, *comhnaidhe ko:'ni:v'ɪ* agus *leanaidhe l'a'ni:v'ɪ*. Is i ndeireadh na habairte is mó a chloistear é seo, ach tá sampla leis de roimh dheireadh na habairte ag Júnaí Ní Shé: *i gcomhnaidhe dom ə go:'ni:v'ɪ dum*. Tá an taifead de Thadhg Ó Donnchadha, .i. Torna, ag caint sa bhliain 1949 fíorshuimiúil ó nach eol dom aon taifead fuaime do chainteoir eile a bheith ar marthain ón gceantar so. Bhí Gaelainn á labhairt fós sa cheantar timpeall ar an nGlaise Bhuí nuair a saolaíodh Torna ann sa bhliain 1874, agus seans maith gur rian de chanúint an cheantair sin *tar éis an choga tər 'e:ʃə 'xogə* atá aige, in áit *an chogaidh ə 'xogig'*.⁶ Tá logainmneacha sa cheantar máguaird a léiríonn rian den dá mhoirfeolaíocht, ar nós Lios an Bhúraigh (*Lissavoura*), Cnoc an Reabhraidh (*Knockaroura*), agus Cnoc an Eanaigh (*Knockanannig*) agus Gort an Aoiligh (*Gortaneelig*). Is forás seanda é *-aidh/-aigh > ə nó -idh/-igh > ɪ* in Oirthear na Mumhan, mar a léiríonn an litriú *cídih* (=cích, tuis.

⁶ Táim buíoch do Sheán Ua Súilleabháin as an bpointe seo a phlé liom.

tabh. den bhfocal *cíoch*) i bpeannaireacht Sheaaain Bhuidhe Uí Chléirigh san abairt *do buail an pagānach co luath fona cídh*, i *Leabhar na Rátha* (fol. 47vb26–7), lámhscríbhinn a scríobhadh i lár an chúigiú céad déag sa cheantar timpeall ar Ráth an Photaire, i gCo. Chill Chainnigh (O’Sullivan agus O’Sullivan 1971: 140; Dillon 1963: 145). Is litriú neamhstairiúil é seo nach bhféadfadh an fhoghraíocht *ci*: a chur in úil dá mba ghnás don scríobhaí *-idh/-igh* deiridh a fhoghrú mar *ig*’. Tá an difríocht seo, .i. forás *-idh/-igh* stairiúil, ar cheann de na difríochtaí canúna is fearr a scagann oirthear agus tuaisceart na Mumhan ó iarthar na Mumhan, mar a léiríonn an léarscáil seo a gineadh trí bhunachar Logainm.ie, a léiríonn gach logainm Gaeilge dár chríoch *-idh/-igh* agus a thugann dath dearg dó más le *g* a chríochnaíonn an tras-litriú Béarla agus dath buí más le *a* a chríochnaíonn sé:



Léaráid 2: Scagadh ar an traslitriú Béarla ar logainmneacha Gaeilge a chríochnaíonn le *-idh/-igh* i gCúige Mumhan

Tugann na torthaí cuardaigh a thagann aníos ar Canúint.ie cúpla focal eile dúinn go bhfaightear foirmeacha éagsúla díobh ar dhá thaobh na teorann seo:

Ceannfhocal	Thiar	Thoir / Thuaidh
féin	féinig / héinig	féineach / héineach
tabhairt	túirt	tauirt
déanamh	déanamh	déana

Maidir leis an dteorainn idir chúige Mumhan is chúige Chonnacht, feicimid gur de réir a chéile a thagadh na difríochtaí is mó a shamhlaímid leis na canúintí sin inniubh ar chósta an Chláir. Tá sampla amháin don bhfoirm *anseo* ó Mháire Uí Annracháin, as Cill Bheathach, bíodh is gur *anso* a bhí ag na cainteoirí eile timpeall uirthi, agus bhí idir *anseo* agus *anso* ag Pádraig Ó hEidhin as Dúros i ndeisceart na Gaillimhe.

Conclúid

Toibreacha d’fhíoruisce gléigeal atá sna luathbhailiúcháin fuaime ná bíonn bun ná disc leo. Mar a dúradh thuas, ní lia duine a éistíonn leis an dtaifead céanna ná tuairim air, agus tá an chéad chéim á thógaint ag Gaois anois chun comhéadan comhroinnte idirghníomhach a fhorbairt ar féidir le daoine éisteacht lenár luathbhailiúcháin fuaime air, foghlaim mar gheall orthu agus tuiscint a fháil ar chanúintí na Gaeilge, idir bheo agus mharbh.

Taobh amuigh de na ceantair a bhfuil an Ghaeilge fós á labhairt iontu, tá an chanúineolaíocht ag brath le fada ar mórshaothair shuntasacha ar nós *LASID*, *Irish Dialects Past and Present* agus sraitheanna leabhar ar nós *The Irish of...* mar a luadh sa réamhrá. Tá fianaise sna saothair seo ar fhoirmeacha teanga agus foráis stairiúla nach bhfuil staidéar iomlán déanta go fóill orthu, ach nach féidir, ar an ndrochuair, obair pháirce nua a dhéanamh orthu mar go bhfuil na cainteoirí deireanacha a raibh na canúintí sin acu bailithe leo agus mar go bhfuil an Ghaeilge thraidisiúnta sna mórGhaeltachtaí féin ag athrú is ag forbairt i gcónaí leis. Tugann an ré dhigiteach deis nua dhúinn bunachar mór canúineolaíochta a dhéanamh dár luathbhailiúcháin fuaime agus obair pháirce a dhéanamh an athuair i gceantair a bhfuil canúintí traidisiúnta na Gaeilge imithe i léig le fada iontu. Osclaíonn Canúint.ie doirse na gcartlanna do thaighdeoirí, d’fhoghlaimeoirí, d’oideachasóirí agus don phobal ar líne i gcoitinne. Is áis thábhachtach leis í do mhuintir na Gaeltachta féin, a thugann comhthéacs agus tuiscint stairiúil ar na foirmeacha éagsúla teangan a fhaightear sna canúintí a mhaireann beo inniubh.

Má bhíonn deis ag Canúint.ie fás agus forbairt sna blianta amach romhainn, d'fhéadfadh sé a bheith ina bhunchloch do theangeolaíocht, do chanúineolaíocht agus do theagasc na Gaeilge, ní hamháin mar thaisce canúintí na Gaeilge ach mar bunachar dinimiciúil a athraíonn an tslí a ndéanaimid staidéar ar an nGaeilge féin agus a thugann ról nua do chanúintí traidisiúnta na teanga mar a rinneadh taifeadadh orthu inár luathbhailiúcháin fuaimne.

Leabharliosta

- Dillon, M. (1963) 'Laud Misc. 610 (cont.)'. In: *Celtica* 6, 135–55.
- Hughes, A. (2013) *Late Old Irish lenition and the modern Gaelic verb*. Berlin: Curach Bán Publications.
- McManus, D. (1994) 'An Ghaeilge Chlasaiceach'. In: McCone, K., McManus, D., Ó Háinle, C., Williams, N. agus Breatnach, L. (eag.) *Stair na Gaeilge*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge: Coláiste Phádraig, Maigh Nuad: 335–445.
- Mhac an Fhailigh, E. (1980) *The Irish of Erris, Co. Mayo*. Dublin. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Duilearga, S. (1948) *Leabhar Sheáin Í Chonaill*. Baile Átha Cliath: The Educational Company of Ireland don Chumann le Béaloideas Éireann.
- Ó Floinn, D. (1935) 'Béaloideas Ó Chléire'. In: *Béaloideas* 5, 109–38.
- Ó Máille, T. (1927) *Urlabhraidheacht agus Graiméar na Gaedhilge*. Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann.
- Ó Murchú, M. (1986) 'R caol i dtús focal: blúire canúineolaíochta.' In: Seosamh Watson (eag.) *Féilscríbhinn Thomáis de Bhaldraithe*. Baile Átha Cliath: Coiste Fhéilscríbhinn Thomáis de Bhaldraithe: 19–26.
- Ó Raghallaigh, E. (2016) 'Some obsolescent and other linguistic forms in the Doegen archive of Irish dialects (Doegen.ie)'. In: Bloch-Trojnar, M., Looby, R., Ó Fionnáin, M. agus Bednarski, A. (eag.) *New Trails and Beaten Paths in Celtic Studies*. Lublin. Wydawnictwo KUL: 181–93.
- O'Rahilly, T.F. (1932) *Irish dialects past and present, with chapters on Scottish and Manx*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Sé, D. (2000) *Gaeilge Chorca Dhuibhne*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- O'Sullivan, A. agus O'Sullivan, W. (1971) 'Three Notes on Laud Misc. 610'. In: *Celtica* 9, 135–51.
- Sheehan, M. (1944) *Sean-chaint na nDéise*. Dublin. Dublin Institute for Advanced Studies.

- Ua Súilleabháin, S. (1994) ‘Gaeilge na Mumhan’. In: McCone, K., McManus, D., Ó Háinle, C., Williams, N. agus Breatnach, L. (eag.) *Stair na Gaeilge*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge: Coláiste Phádraig, Maigh Nuad: 479–538.
- Wagner, H. (1958–69) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.